V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11006 – ONE / MACQUARIE / YTI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 141/05)

1. An 3 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Ocean Network Express Pte. Ltd ("ONE", Singeapór);

— MIP III (ECI) AIV, L.P. ("Macquarie", Stáit Aontaithe Mheiriceá);

— Yusen Terminal LLC ("YTI", Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh ONE agus Macquarie rialú comhpháirteach ar YTI ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ONE faoi rialú Ocean Network Express Holdings Ltd. (an tSeapáin) faoi láthair, ar comhfhiontar é idir Nippon Yusen Kabushiki Kaisha ("NYK Group", an tSeapáin), Mitsui O.S.K Lines agus Kawasaki Kisen Kaisha agus oibríonn sé gnó loingseoireachta línéar coimeádán domhanda,

— Is meán infheistíochta malartach a bhfuil sainchónaí air in Delaware é Macquarie, atá ina chuid de chiste atá faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited, ar soláthraí domhanda seirbhísí bainistíochta sócmhainní é a bhfuil a cheanncheathrú san Astráil;

— Is cuideachta faoi rialú Macquarie agus NYK Group é YTI, a sholáthraíonn seirbhísí stíbheadóireachta críochfort coimeádán muirí ag críochfoirt in Los Angeles (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11006 – ONE / MACQUARIE / YTI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË